Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en)

10489/26
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0555(COD)**

COMPET 763
IND 412
MI 628
CADREFIN 289
FIN 873
RECH 280
ESPACE 101
CONSOM 193
DUAL USE 47
EDUC 269
TELECOM 316
ENER 396
ENV 724
CLIMA 328
AGRI 494
TRANS 419
SAN 476
PHARM 106
BIOTECH 80
POLMIL 237
POLGEN 167
ECOFIN 809
COH 115
INDEF 124
CULT 85
CYBER 289
JAI 819
DIGIT 163
DATAPROTECT 198
FREMP 208
RELEX 831
COPS 347
UD 180
AUDIO 84
PROCIV 129
IPCR 64
MAP 127
FISC 220
CODEC 1164
IA 164
CSC 401

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta<br>*- Cur chuige ginearálta páirteach*<br>= Ráiteas ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn |

D’iarr an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle.

**Ráiteas comhpháirteach ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn**

**Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta**

*Le cur i gceangal le miontuairiscí chruinniú na Comhairle Gnóthaí Ginearálta*

Tacaímid le cuspóirí an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) agus é mar uaillmhian againn athléimneacht, slándáil agus iomaíochas a neartú ar fud an Aontais ar fad. Ag an am céanna, measaimid gur cheart don Chiste a bheith ullmhaithe go leordhóthanach chun freagairt ar na réaltachtaí slándála agus eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn san Aontas.

Léiríodh leis an gcomhthéacs geopholaitiúil, go háirithe mórchogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ionsaithe hibrideacha leanúnacha ar fud an Aontais, gur comhpháirteanna bunriachtanacha d’ollstruchtúr iomaíochais agus slándála na hEorpa iad líonraí fuinnimh agus cumarsáide. Leis na teagmhais a tharla le déanaí, go háirithe sna Ballstáit ar theorainn thoir an Aontais, nochtadh leochaileachtaí i mbonneagar criticiúil agus i slabhraí soláthair, agus cuireadh i dtábhacht an gá atá le tacaíocht Eorpach níos láidre don ullmhacht, do chumais téarnaimh agus do chúltacaí straitéiseacha. Ar bhonn níos leithne, déanann an timpeallacht slándála atá ag dul in olcas difear freisin don athléimneacht eacnamaíoch agus don iomaíochas trí rioscaí infheistíochta a mhéadú, trí chostais mhaoiniúcháin a ardú agus trí ionchais fáis a lagú sna réigiúin is mó atá neamhchosanta ar bhagairtí slándála agus míleata, mar a léiríodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine (COM (2026) 82) agus mar a tugadh faoi deara go cuí sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026.

I bhfianaise an mhéid sin, measaimid go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh creat CEI an méid seo a leanas:

1. ba cheart dó foráil a dhéanamh maidir le haitheantas níos soiléire agus níos oibríochtúla a thabhairt don bhonneagar criticiúil;

2. ba cheart dó léiriú leordhóthanach a thabhairt sa chuid oibríochtúil den Rialachán ar chásanna infheistíochta fo-optamacha arna spreagadh ag rioscaí geopholaitiúla leanúnacha, go háirithe i réigiúin teorann thoir an Aontais a bhfuil préimheanna riosca níos airde ó thaobh struchtúir de agus dálaí infheistíochta níos laige os a gcomhair;

3. ba cheart dó aitheantas iomchuí a thabhairt do réigiúin atá neamhchosanta ar bhrú geopholaitiúil fadtéarmach, lena n-áirítear réigiúin teorann thoir an Aontais, in éineacht le críocha eile atá faoi mhíbhuntáiste struchtúrach.

I bhfianaise an mhéid thuas, is féidir linn tacú le Cur Chuige Ginearálta Páirteach do CEI ag an gcéim seo, ach sinn ag súil gan amhras go léireofar na príomhghnéithe thuasluaite go cuí sa téacs comhréitigh deiridh.